Gaeilge
Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

Samhain 2024
Eagrán a 12

TRÁTH NA GCEIST

Tá Tráth na gCeist á eagrú ag Gaeilge ABC, a bheas ar siúl Tí Sheridan i gCnoc na Cathrach, Dé Máirt 19 Samhain ag a 8i.n. Beidh costas €20 ar bhord de cheathrar agus beidh an t-airgead uile a bhaileofar á thabhairt do charthanacht áitiúil, a fhógrófar ar an oíche.

Beidh na ceisteanna uile i nGaeilge, ach cuirfear gluais ar fáil ar an oíche le haistriúcháin le go mbeidh na ceisteanna sothuigthe do chuile chumas Gaeilge. Beidh neart duaiseanna ar fáil ar an oíche chomh maith. Scaip an scéal, agus feicfidh muid ann sibh!

TABLE QUIZ

Gaeilge ABC are organising a table quiz 'as Gaeilge', that will take place at 8pm on Tuesday 19th November in Tom Sheridan's, Knocknacarra. There will be a cost of €20 for each table of 4 people, and all proceeds will be donated to a local charity, which will be announced on the night.

All questions will be in Irish, but a glossary of translations will be provided on the night, which will make this quiz suitable for those who are learning Irish. There will be lots of prizes available on the night. Tell all your friends, and we'll see you on the night!

FÓGRA POIST:
OIFIGEACH PLEANÁLA TEANGA

Tá post bliana mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Gaeilge ABC

Is é Gaeilge ABC atá freagrach as an bplean teanga do LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta, 2012. Tá an plean i bhfeidhm anois le dhá bhliain, agus é mar aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge sa LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is post ar chonradh bliana atá á thairiscint. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bhearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Gaeilge ABC agus freagrach don Cheanneagraíocht maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú.

Duine cumasach a bhfuil taithí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg.

Fáilteofar roimh iarratas ó dhaoine leis an taithí seo a leanas:

Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.

Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus / nó taithí sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.

Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.

Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal.

Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.

Taithí i mbainistiú foireann oibre

Eolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais

An Post

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Gaeilge ABC in Áras Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáth-uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin.

Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastail ó €36,450 go €51,750 ag gabháil leis an bpost chomh maith leis an deis a bheith mar bhall de scéim phinsin.

Sonraí

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Tá an plean teanga don LPT agus na sonraí poist a théann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le Stiúrthóir Gaeilge ABC ag 0876799346 nó GaeilgeABC@gmail.com

Iarratas

Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh a 5i.n. Dé hAoine 22/11/24 chuig:
An Stiúrthóir, Gaeilge ABC, Áras Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh
nó
GaeilgeABC@gmail.com

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaion, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

IÓGA AS GAEILGE

Cuireadh tús le téarma nua ranganna ióga trí Ghaeilge Déardaoin 07/11/2024. Is í Caoilfhionn de Bhaldraithe ó Sruth Yoga a bhíonn ag múineadh na ranganna seo, agus bíonn siad ar siúl i Súil Eile Space, i mBearna, chuile thráthnóna Déardaoin ó 6.30pm-7.45pm. Tá lascaine ar fáil ar na ranganna seo, urraithe ag Gaeilge ABC, agus is féidir spás a chur in áirithe ar shuíomh www.sruthyoga.com nó trí theagmháil a dhéanamh le Caoilfhionn ag 087 627 5626.

VINYASA YOGA

A new term of yoga classes (taught through Irish) began on Thursday 07/11/2024. Caoilfhionn de Bhaldraithe from Sruth Yoga teaches these classes, and they take place in Súil Eile Space every Thursday evening from 6.30pm-7.45pm. A discount is available on these classes, sponsored by Gaeilge ABC, and a space can be reserved on the website www.sruthyoga.com or by contacting Caoilfhionn on 087 627 5626.

CIORCAL COMHRÁ

Bíonn ciorcal comhrá ar siúl chuile Aoine ag a 11.00rn in Óstán an Chlaí Bháin i gCnoc na Cathrach. Tá fáilte roimh chuile leibhéal Gaeilge chuige seo agus is bealach iontach é chun do Ghaeilge labhartha a fheabhsú.

CONVERSATION GROUP

A conversation circle takes place every Friday at 11.00am in the Clybaun Hotel in Knocknacarra. All levels of Irish are welcome for this and it is a great way to improve your spoken Irish.

DEIREADH SEACHTAINE NA GAEILGE
@ SÚIL EILE SPACE

Tá deireadh seachtaine na Gaeilge á eagrú arís i Súil Eile Space i mBearna!

Beidh ciorcal comhrá ar siúl Dé Sathairn 30 Samhain ag meánlae, agus tá fáilte roimh chuile chumas Gaeilge chuige seo. BEidh lascaine ar fáil ar an lá má ordaíonn tú do chaife i nGaeilge!

Ansin Dé Domhnaigh 1 Nollaig, beidh seisiún ceoil ar siúl ag a 1i.n., faio stiúr Turlough Ó Maoileoin! Tá fáilte roimh cheoltóirí, amhránaithe, filí agus lucht éisteachta chuig an seisiún ceoil seo.

IRISH LANGUAGE WEEKEND
@ SÚIL EILE SPACE

We are organizing another Irish language weekend in Súil Eile Space in Barna!

A conversation circle will take place on Saturday 30th November at midday, and all levels of Irish are welcome for this. A discount will be available on the day if you order your coffee in Irish!

Then on Sunday 1st December, there will be a music session at 1pm, under the direction of Turlough Ó Maileoin! Musicians, singers, poets and audiences are welcome to this music session.